Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8269/26**

**FIN 542**
**INST 178**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir leis na dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2026 |

## DRÉACHT-RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH

### Dátaí don nós imeachta buiséadach agus módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh in 2026

A. I gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar na príomhdhátaí seo a leanas don nós imeachta buiséadach 2027:

1. Féachfaidh an Coimisiún le Ráiteas ar Mheastacháin 2027 a chur i láthair faoi thús mhí an Mheithimh;

2. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 16 Iúil (ar maidin), tar éis do Choiste na mBuanionadaithe an seasamh ón gComhairle a ghlacadh;

3. Féachfaidh an Chomhairle lena seasamh a ghlacadh agus é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa ag deireadh sheachtain 37 chun comhaontú tráthúil le Parlaimint na hEorpa a éascú;

4. Féachfaidh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Buiséid le vótáil ar leasuithe ar sheasamh na Comhairle faoi dheireadh sheachtain 41 (tús mhí Dheireadh Fómhair);

5. Gairfear cruinniú tríthaobhach an 14 Deireadh Fómhair (san iarnóin), roimh léamh Pharlaimint na hEorpa;

6. Vótálfaidh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa ar a léamh i seachtain 43 (Seisiún iomlánach an 19-22 Deireadh Fómhair);

7. Cuirfear tús leis an tréimhse idir-réitigh an 27 Deireadh Fómhair. I gcomhaontú le forálacha Airteagal 314(4)(c) CFAE, rachaidh an t-am atá ar fáil don idir-réiteach in éag an 16 Samhain 2026;

8. Tiocfaidh an Coiste Idir-réitigh le chéile an 3 Samhain (san iarnóin), arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa agus an 10 Samhain arna óstáil ag an gComhairle (agus féadfaidh sé tosú an athuair de réir mar is iomchuí); déanfar seisiúin an Choiste Idir-réitigh a ullmhú trí chruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha. Beidh an cruinniú tríthaobhach ar siúl an 3 Samhain (san iarnóin). Féadfar cruinniú tríthaobhach /cruinnithe tríthaobhacha breise a ghairm le linn na tréimhse idir-réitigh 21 lá, lena n-áirítear an 9 Samhain agus an Chomhairle mar óstach.

B. Leagtar amach na módúlachtaí d'fheidhmiú an Choiste Idir-réitigh i gCuid E d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcomhaontú idirinstitiúideach thuasluaite.